

Tá Mol Inbhuanaitheachta ag iarraidh duine a mhealladh a bhfuil taithí/suim acu i dTalmhaíocht Athghiniúnach, i nGairneoireacht Inbhuanaithe, agus/nó i bhForbairt Shóisialta

Ról	Talmhaí/Gairneoir	Comhlacht	Láirionad Acmhainní Nádúrtha CTR
Duration	Conradh 1.5 bliain	Suíomh	Cill Ulta, An Fál Carrach
		Teagmháil	Co. Dhún na nGall, F92 WF60 mairead@cillulta.ie 074 91 80994

Cill Ulta

Cuireann LAN CTR (Cill Ulta) freagraí áitiúla chun cinn ar na dúshláin seo a leanas: Athrú Aeráide, Díghrádú Éiceolaíoch, Spleáchas ar Allmhairí Talmhaíochta agus meath Chultúir, Theanga agus Dhaonra na Gaeltachta. Déanaimid ár ndícheall teacht aniar a chothú inár bpobal trí dhóigheanna úra a thabhairt isteach maidir le: réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus feasacht éiceolaíochta, talmhaíocht athghiniúnach agus ceannas bia Éireannach, éagsúlú i bhfiontair feirme agus forbairt geilleagair ciorclach láidir.

Bunaíodh muid i 2003 trí dhíograis agus acmhainní an phobail áitiúil, agus soláthraímid glasraí agus luibheanna, a fhástar go háitiúil ar dhóigh inbhuanaithe, do shiopaí, do bhialanna, do theaghlaigh agus do bhainc bia an cheantair. Chomh maith leis sin, cuireann **Cill Ulta** oiliúint agus for-rochtain ar fáil sna rudaí seo a leanas: feasacht éiceolaíochta, talmhaíocht athghiniúnach, fuinnimh inbhuanaithe agus geilleagar ciorclach, agus éascaítear tionscadail éagsúla a thacaíonn leis na gnéithe rithabhachtacha seo. Tá tuilleadh eolais fán chomhlacht ar fáil ag cillulta.ie.

Cúlra Créafóige (EIP-AGRI)

Tá an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach seo, trína gcuirtear Inmharthanacht Eacnamaíoch agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta chun cinn i gCloch Cheann Fhaola, maoinithe tríd an AE agus DAFM. Mairfidh an tionscadal seo 1.5 bhliana agus díreofar ar athshaothrú talamh tréigthe, ar réigiún ardtailte agus réigiún feirmeoireachta faoi mhíbhuntáiste, trí thalmhaíocht athghiniúnach agus barra dúchasacha a úsáid. Baineann sé go sonrath le for-rochtain agus traenáil trasghlúine le díriú ar uirbiú pobail, tréigeann talaimh, spleáchas ar allmhairí, neamhsheasmhacht airgeadais, agus meath éiceolaíochta agus cultúir. Tá iniúchadh á dhéanamh ar tháirgeadh barr inbhuanaithe tríd an phróiseas iomlán, ó fheirm go forc, go ndéanfar earnáil láidir, athléimneach a fhorbairt.

Talmhaí/Gairneoir

Ról riachtanach é seo don dá thionscadal Cúlra Créafóige agus Cill Ulta; rachaidh sé i bhfeidhm orthu, agus bhéarfadh sé tacaíocht daofa. Ag bráth ar thacar sainscileanna agus suimeanna an té a cheapfar, d'fhéadfadh freagrachtaí a bheith orthu ina leithéid seo:

- Imeachtaí gairneoireachta a bhainfeadh le torthaí áitiúla séasúracha, idir phacáil, díolachán srl.
- Taighde: modhanna agus uirlisí a bhaineann le táirgeadh barr inbhuanaithe, córais áitiúla éiceolaíochta agus bithéagsúlachta agus geilleagar ciorclach.
- Margaíocht, díolacháin, meáin shóisialta, forbairt gréasáin.
- Scríbhneoireacht theicniúil, lena n-airítear iarratais ar dheontais, forléargais tionscadail, tuarascálacha do lucht maoinithe, srl..
- For-rochtain agus ardú fheasacht pobail don bhithéagsúlacht fríd ceardlanna, seimineár.
- Tionsclaíochta áitiúla le geilleagar ciorclach a fhorbairt in Iarthuaisceart na hÉireann.
- Ag plé le saineolaithe talmhaíochta agus inbhuanaitheachta in Éirinn agus san AE.
- Comhoibriú idir earnálacha éagsúla le cleachtas talmhaíochta inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn (.i. UCD, Údarás, E-seeds).

Scileanna riachtanacha/Taithí

- Cailíocht tríú leibhéal sa Talmhaíocht, Gairneoireacht, Éiceolaíocht, Táirgeadh barr inbhuanaithe, nó ábhar eile ábharach
- Scileanna éifeachtacha pleanála agus eagraithe
- Duine gairmiúil agus féinspreagtha, a bhfuil eitic oibre réamhghníomhach aici/aige
- Na cailíochtaí cuí a bhaineann le bheith ag obair san AE a bheith aige/aici
- Líofacht Gaeilge (riachtanach)

Má tá eolas breise de dhíobháil ort maidir le deiseanna i gCill Ulta, bí i dteagmháil.

Iarratas

Cuirtear CV agus litir chuig: mairead@cillulta.ie le do thoil

